Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Comhairle Contae Fhine Gall

# Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2021-2025 (faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú)

# Clár Ábhair

RÉAMHRÁ........ **Error! Bookmark not defined.**

SAINMHÍNITHE........4

AN BONN AR A nDÉANFAR RANNÍOCAÍ A CHINNEADH........4

SCÉIM RANNÍOCAÍ FORBARTHA........5

LEIBHÉAL NA RANNÍOCAÍ........6

RANNÍOCAÍ A ÍOC........11

ACHOMHARC CHUN AN BHOIRD PLEANÁLA (“an Bord”)........12

ATHBHREITHNIÚ AR AN SCÉIM........12

RANNÍOCAÍ FORBARTHA SPEISIALTA........13

DÁTA ÉIFEACHTA........13

**AGUISÍN 1 – TÁBLA – COSTAIS A ÁIRÍTEAR FAOIN SCÉIM**........13

**TÁBLA B – FORBAIRT BHEARTAITHE**........14

**Iompar**........15

**Pobal & Páirceanna**........16

**Screamhuisce (lena n-áirítear Faoiseamh Tuile)**........17

## RÉAMHRÁ

1. Le fo-alt (1) d'Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) féadfaidh údarás pleanála, le linn dó cead a dheonú faoi alt 34 den Acht, coinníollacha a chur san áireamh a cheanglaíonn go n-íocfar ranníoc i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí poiblí a théann chun tairbhe d'fhorbairt i limistéar an údaráis pleanála agus a sholáthraítear, nó a bhfuil ar intinn go soláthrófar iad, ag údarás áitiúil nó thar a cheann (ar neamhaird le foinsí eile maoiniúcháin don bhonneagar agus do na saoráidí).

2. (a) Éilítear le fo-alt (2) d'Alt 48 go leagfar amach an bonn ar a ndéanfar ranníoc faoi fho-alt (1) a chinneadh i scéim ranníocaí forbartha arna déanamh faoin alt seo.

   (b) Féadfar foráil a dhéanamh le scéim maidir le ranníocaí éagsúla a íoc i leith aicmí nó tuairiscí éagsúla forbartha.

3. (a) Sonraítear i bhfo-alt (3) d'Alt 48 an bonn ar a ndéanfar ranníocaí a chinneadh, arb iad na ranníocaí iad a bheidh le híoc i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí poiblí, de réir théarmaí na scéime.

   (b) Agus an bonn ar a ndéanfar na ranníocaí á chinneadh, cuirfear in iúl sa scéim an ranníoc a bheidh le híoc i leith aicmí éagsúla bonneagair phoiblí agus saoráidí poiblí a sholáthraítear, nó atá le soláthar, ag aon údarás áitiúil agus beidh aird ag an údarás pleanála ar an gcostas measta iarbhír a ghabhfaidh leis na haicmí bonneagair phoiblí agus saoráidí poiblí a sholáthar, ach amháin nach bhféadfar aon tairbhe a fhabhróidh i leith forbartha a bheidh ann cheana féin a áireamh in aon chinneadh den sórt sin.

   (c) Féadfar a cheadú le scéim go n-íocfar ranníoc laghdaithe, nó nach n-íocfar ranníoc ar bith, in imthosca áirithe, de réir fhorálacha na scéime.

4. Sonraítear i bhfo-alt (15)(a) go bhféadfaidh údarás pleanála íoc comhleanúnach ranníocaí faoin alt seo a éascú faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus go bhféadfaidh sé a cheangal go dtabharfar urrús chun íoc na ranníocaí a chinntiú.

SAINMHÍNITHE

5. (i) Tugtar na mínithe seo a leanas ar "bhonneagar poiblí agus saoráidí poiblí" in Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ("an tAcht"):-

(a) "talamh a fháil,
(b) spásanna oscailte, saoráidí agus taitneamhachtaí áineasa agus pobail agus oibreacha tírdhreachaithe a sholáthar,
(c) bóithre, carrchlóis, ionaid charrloctha, séaraigh, saoráidí cóireála dramhuisce agus uisce, draenacha agus príomhphíopaí uisce, a sholáthar,
(d) buschonairí agus lánaí bus, saoráidí idirmhalartaithe busanna (lena n-áirítear carrchlóis do na saoráidí sin), bonneagar chun iompar poiblí a éascú, saoráidí rothaíochta agus coisithe, agus bearta maolaithe tráchta, a sholáthar,
(e) bóithre, carrchlóis, ionaid charrloctha, séaraigh, saoráidí cóireála dramhuisce agus uisce, draenacha nó príomhphíopaí uisce a athchóiriú, a uasghrádú, a mhéadú nó a athsholáthar, agus
(f) bonneagar teileachumarsáide ardtoillte, ar nós leathanbhanda, a sholáthar,
(g) láithreáin scoile a sholáthar,
(h) aon nithe coimhdeach i ndáil le míreanna (a) go (g)."

(ii) Ciallaíonn "scéim" scéim ranníocaí forbartha arna déanamh faoi Alt 48 den Acht.

AN BONN AR A nDÉANFAR RANNÍOCAÍ A CHINNEADH

6. Is é seo a leanas an bonn ar a ndéanfar ranníocaí a chinneadh faoi Scéim Ranníocaí Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2021-2025 ("an Scéim"):

(a) Méid na costais atá inchurtha sna blianta go dtí 2025 leis na trí aicme de bhonneagar agus saoráidí poiblí (liostaithe sa tábla i Mír 9 thíos). Tugtar na costais seo i dTábla A d'Aguisín I atá ceangailte leis an Scéim seo.

(b) Achair urláir chomhiomlánaithe na forbartha beartaithe (i méadair chearnacha) sna blianta go dtí 2025. Tugtar na hachair urláir seo i dTábla B den Aguisín atá ceangailte leis an Scéim.

(c) Rinneadh na ranníocaí forbartha atá iníoctha in aghaidh an mhéadair chearnaigh den fhorbairt chónaithe nó den fhorbairt thionsclaíoch/thráchtála a chinneadh tar éis breithniú a dhéanamh ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear:

- Costais incháilithe tionscadal
- Tréimhse ionchasach na forbartha
- Leibhéal reatha na rátaí ranníoca
- Imscrúdú ar chúinsí reatha an mhargaidh

Léirítear toradh na hanailíse i Mír 9 den Scéim seo thíos.

## SCÉIM RANNÍOCAÍ FORBARTHA

7. Déantar Scéim Ranníocaí Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2021-2025 ("an Scéim") faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 200 (arna leasú).

8. Faoin Scéim, nuair a bheidh cead pleanála á dheonú ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi Alt 34 den Acht, cuirfear coinníollacha san áireamh a cheanglaíonn go n-íocfar ranníoc (léirítear an méid iomchuí thíos anseo faoin gceannteideal Leibhéal na Ranníocaí) i leith bonneagair phoiblí agus saoráidí poiblí a théann chun tairbhe d'fhorbairt i limistéar an údaráis pleanála agus a sholáthraítear, nó a bhfuil ar intinn go soláthrófar iad, ag údarás áitiúil nó thar a cheann (ar neamhaird le foinsí eile maoiniúcháin don bhonneagar agus do na saoráidí).

LEIBHÉAL NA RANNÍOCAÍ

9. (a) Faoin Scéim, is iad seo a leanas na ranníocaí atá le híoc (ach amháin i gcás go bhfuil Díolúine nó Laghdú i gceist, féach Mír 11 thíos) maidir leis na haicmí éagsúla de bhonneagar agus saoráidí poiblí:-

| Aicme Forbartha Bonneagair Poiblí | € an mhéadair chearnaigh – Forbairt Cónaithe | € an mhéadair chearnaigh – Forbairt Tionsclaíoch/Tráchtála |
|---|---|---|
| Aicme 1:<br>Bonneagar & Saoráidí Iompair | €54.02 | €42.18 |
| Aicme 2:<br>Bonneagar & Saoráidí Screamhuisce (lena n-áirítear Faoiseamh Tuile) | €4.91 | €3.83 |
| Aicme 3:<br>Pobal & Páirceanna saoráidí & taitneamhachtaí | €39.28 | €30.68 |
| Iomlán na Ranníocaí Iníoctha | €98.21 | €76.69 |

Nóta 1:

Dáta Éifeachta

Beidh na rátaí ranníoca seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Nóta 2:

Innéacsú

Cuirfear innéacsú i bhfeidhm gach bliain ón 1 Eanáir 2022, i gcomhréir le Cumann Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Ag féachaint do chúrsaí eacnamaíochta nó eile, agus faoi réir cheadú na Comhairle, féadfaidh go ndéanfar cinneadh gan innéacsú a chur i bhfeidhm bliain/blianta ar leith.

Nóta 3:

Achar Urláir a Ríomh

I gcás forbairtí beartaithe a bhaineann le foirgnimh, déanfar an t-achar urláir a ríomh mar oll-achar urláir. Is éard atá i gceist leis sin ná oll-achar urláir arna chinneadh ó thoisí inmheánacha na bhfoirgneamh beartaithe, lena n-áirítear oll-achar urláir gach urlár, idirurláir san áireamh.

Nóta 4:

Méadú ar Fhorbairtí Láithreacha a Ríomh

Gearrfar na rátaí thuasluaite ar mhéaduithe nua ar fhorbairtí láithreacha freisin (faoi réir Alt 11 (a)).

Nóta 5:

Easnamh Spáis Oscailte

(a) Le Plean Forbartha Fhine Gall, tugtar lánrogha don Chomhairle ranníocaí airgeadais a chinneadh in ionad an riachtanais (nó cuid den riachtanas) le haghaidh spáis oscailte i bhforbairt áirithe. Déanfar an ranníoc seo in ionad spáis oscailte a thobhach ag na rátaí seo a leanas:

1. Aicme I Spás Oscailte - €100,000 an acra chun talamh a cheannach bunaithe ar luach talún taitneamhachta, Móide €100,000 an acra i leith costas forbartha.
2. Aicme II Spás Oscailte - €250,000 an acra chun talamh a cheannach i limistéir chónaithe, Móide €100,000 an acra i leith costas forbartha.

Féadfaidh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na rátaí seo ó am go ham ag féachaint do chúinsí margaidh. Úsáidfear na ranníocaí a bhaileofar chun spásanna oscailte, saoráidí agus taitneamhachtaí áineasa agus pobail agus oibreacha tírdhreachaithe a sholáthar - féach Aguisín 2.

CEADANNA COINNEÁLA

10 Gearrfar iolraí de 1.25 oiread na rátaí iomchuí ar cheadanna coinneála i gcás forbartha ar bith de bhreis ar na díolúintí a bhforáiltear dóibh i Mír 11 den Scéim seo.

## DÍOLÚINTÍ AGUS LAGHDUITHE

11 (i) Beidh na catagóirí forbartha seo a leanas díolmhaithe ón gceanglas ranníocaí forbartha a íoc nó is féidir leo ráta laghdaithe a íoc, mar a luaitear, faoin Scéim:

(a) Na chéad 40 méadar chearnacha de mhéaduithe tís. Is díolúine charnach í seo atá teoranta do 40 méadar chearnacha ar an iomlán in aghaidh na teaghaise.

(b) Méadú tís atá á thógáil mar chóiríocht do dhuine/daoine atá faoi mhíchumas - tá an méadú sin díolmhaithe go hiomlán i gcás go gcomhlíonann an t-áitritheoir i gceist na ceanglais mhíochaine a bhaineann leis na ceanglais cháilitheachta a ghabhann le Deontas d’Oiriúnú Tithíochta (Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas).

(c) Forbairt chónaithe atá á tógáil as an nua mar chóiríocht do dhuine/daoine atá faoi mhíchumas - tá an méadú sin díolmhaithe go hiomlán i gcás go gcomhlíonann an t-áitritheoir i gceist na ceanglais mhíochaine a bhaineann leis na ceanglais cháilitheachta a ghabhann le Deontas d’Oiriúnú Tithíochta (Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas).

(d) Athoiriúnú Áiléir

(e) Forbairtí arna ndéanamh ag eagraíochtaí, lena n-áirítear carthanachtaí cláraithe atá díolmhaithe ó cháin ioncaim agus cáin chorparáideach faoi Alt 207 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus a bhfuil deimhniú díolúine acu ó na Coimisinéirí Ioncaim. Caithfidh go bhfuil an fhorbairt á tógáil chun críocha bunfheidhme na heagraíochta go heisiach, agus níl siad le húsáid le haghaidh brabúis nó gnóthachain.

(f) An ghné neamhthógála d’fhorbairtí áineasa mórscála faoin aer, amhail galfchúrsaí, páirceanna spóirt agus coimpléisc spóirt.

(g) Forbairtí neamhthráchtála a bhaineann leis an bpobal arna dtógáil ag grúpaí, clubanna nó eagraíochtaí deonacha neamhbhrabúsacha. Caithfidh go bhfuil an fhorbairt á tógáil chun críocha bhunfheidhm na heagraíochta go heisiach, agus níl siad le húsáid le haghaidh brabúis nó gnóthachain.

(h) Díolmhófar aonaid tithíochta sóisialta sna cásanna seo a leanas:

- Má chuirtear ar fáil iad de réir comhaontaithe arna dhéanamh faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú),
- Má chuirtear ar fáil iad ag Comhlacht Tithíochta Ceadaithe agus má dheimhníonn an tAonad Tithíochta de Chomhairle Contae Fhine Gall nach bhfuil ranníocaí forbartha dlite,
- Má tá siad á dtógáil ag an gComhairle, nó thar ceann na Comhairle

Ní áirítear sa díolúine seo aon Easnamh Spáis Oscailte a d'fhéadfadh a bheith curtha leis an gcead.

Ní bhaineann an díolúine seo le haonaid tithíochta arna soláthar faoi Shocrú Léasúcháin.

(i) Bonneagar teileachumarsáide, idir bhonneagar móibíleach agus bhonneagar leathanbhanda, arna úsáid mar chuid de straitéis, plean nó tionscnamh teileachumarsáide atá ceadaithe ag an Rialtas. Áirítear ann crainn chumarsáide, aeróga, miasa agus gléasanna/trealamh eile chun críocha cumarsáide.

(j) Díolmhófar forbairtí athnuachana fuinnimh le hacmhainneacht suas go 0.5MW. I gcás forbairtí le hacmhainneacht níos mó ná sin, muirearófar €1,000 in aghaidh gach 0.1MW os cionn acmhainneachta suiteáilte 0.5MW.

(k) Díolmhófar Foirgnimh Thalmhaíochta, tithe gloine agus polatholláin arna n-úsáid chun críocha talmhaíochta ag daoine a bhíonn i mbun feirmeoireachta go príomha.

(l) Baineann laghdú 50% ar an ráta tráchtála le foirgnimh a bhaineann le torthaí, glasraí nó earraí talmhaíochta nó garraíodóireachta margaidh a tháirgtear go háitiúil a phróiseáil, a dháileadh, a sholáthar nó a dhíol.

(m) Díolmhófar ionaid charrloctha coimhdeacha, ionaid charrloctha ar leibhéal na sráide agus ionaid charrloctha faoi thalamh. (i.e. caighdeáin Phlean Forbartha na Comhairle).

(n) Tagann carrchlóis tráchtála neamhspleácha faoi réir laghdú 50% ar an ráta tráchtála.

(o) Bunscoileanna agus meánscoileanna saor ó tháillí

(p) Comharthaíocht, aghaidh siopa, geataí iontrála, ráillí, fálú, struchtúr aeróige, scáthláin bus, seomraí na lasc, fostáisiúin, línte cumhachta, sciorrán gáis, etc.

(q) Scartáil agus Atógáil:

I gcás go dtugtar cead foirgneamh láithreach a scartáil i bpáirt nó ina iomláine agus foirgneamh eile a thógáil ina áit, déanfar an ranníoc forbartha iníoctha a ríomh mar seo a leanas:

- I gcás gur íocadh ranníoc roimhe sin - déanfar an ranníoc a thobhach bunaithe ar an difríocht idir achar urláir an fhoirgnimh nua i gcomparáid leis an seanfhoirgnimh.
- I gcás nár íocadh ranníoc roimhe sin - cuirfear laghduithe i bhfeidhm i leith na hoibre scartála, gan struchtúir atá díolmhaithe ó ranníocaí a chur san áireamh. Caithfidh go bhfuil scartáil riachtanach chun an fhorbairt bheartaithe a éascú.

Ní dhéantar foráil sa Scéim chun aon lacáiste nó aisíocaíocht a fháil chuige sin.

(r) Athruithe ar leagan amach inmheánach i gcás nach méadaítear an achar urláir agus nach dtógtar síos ballaí seachtracha.

(s) Garáistí agus botháin gairdín

Má dheonaítear cead ina dhiaidh sin chun struchtúr díolmhaithe a athrú ina chóiríocht ináitrithe, beidh an ranníoc iomchuí infheidhme.

(t) Díolmhófar athchóirithe chun struchtúir a mheastar sa Phlean Forbartha Contae ina “Struchtúir Chosanta” a athchóiriú, áit a bhfuil an Chomhairle sásta go gcuireann na hoibreacha go mór leis an struchtúr a chaomhnú nó a athchóiriú.

Díolmhófar freisin méaduithe le Struchtúr Cosanta chun críocha cónaithe phríobháidigh (ar choinníoll go bhfuil an méadú i gcomhréir ó thaobh scála).

Tagann méaduithe le Struchtúir Chosanta chun críocha tráchtála faoi réir laghdú 50% ar an ráta iomchuí.

De ghnáth ní féidir na díolúintí seo a leathnú chun forbairt ar an suíomh atá scortha amach ón struchtúr cosanta a áireamh. Is féidir, áfach, forbairt laistigh de chúirtealáiste struchtúir chosanta a mheas le haghaidh díolúine suas go 50% ar an ráta sa chuid sin den fhorbairt a mheasann an Chomhairle a bheith riachtanach chun cosaint, caomhnú nó athchóiriú an struchtúir a chinntiú.

(u) Ceadanna Pleanála Sealadacha

- Díolmhaithe ar feadh tréimhse suas go 5 bliana
- Laghdú 50% ar feadh tréimhse 5-10 mbliana
- Bíonn an ráta iomlán i gceist nuair a théann an cead nó meascán de cheadanna níos faide ná 10 mbliana (lúide aon íocaíochtaí roimhe sin faoin laghdú 5-10 mbliana).

(v) Díolmhófar iarratais ar athrú úsáide, ach amháin má tá diansaothrú suntasach i gceist ó thaobh an bealach a úsáidfear an foirgneamh nó seirbhís.

11 (ii) Ar mhaithe le soiléireacht:

(a) Ní bheidh feidhm ag díolúintí agus laghdú i gcás Ranníocaí Forbartha Speisialta faoi Alt 48 (2)(c)

(b) Ní dhíolmhófar liachtlanna príobháideacha, ionaid cúraim príomhúil, seomraí comhairleora agus forbairtí comhchosúla, lena n-áirítear foirgnimh choimhdeacha.

(c) Ní dhíolmhófar institiúidí tríú leibhéal ná cóiríocht do mhic léinn.

(d) Níl Scoileanna Táille díolmhaithe.

RANNÍOCAÍ A ÍOC

12: Cuirfear i bhfeidhm coinníollacha na Scéime seo maidir le ranníocaí a íoc i leith cinntí uile na Comhairle a dhéanfar i ndiaidh dháta na Scéime chun

ceadanna pleanála a dheonú. Is é an 1 Eanáir 2021 dáta feidhme na scéime seo.

13: Caithfear na ranníocaí faoin Scéim a íoc sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, nó de réir an chomhaontaithe a dhéantar leis an gComhairle. Beidh ranníocaí iníoctha ag ráta innéacs coigeartaithe a bhaineann leis an mbliain a chuirtear tús leis an gcead pleanála, mar a leagtar amach i Nóta 1 don tábla i Mír 9 thíos.

14: Féadfaidh an Chomhairle ranníocaí céimneacha a éascú faoin Scéim, agus féadfaidh go mbeidh urrús ag teastáil ón gComhairle chun íocaíocht na ranníocaí a chinntiú.

15: Féadfaidh an Chomhairle, de réir cumhachtaí reachtúla, ranníoc ar bith (lena n-áirítear ús agus costais dlí) atá dlite di faoi théarmaí na scéime seo a aisghabháil mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla. Anuas air sin, féadfaidh an Chomhairle gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a thionscnamh faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) i ndáil le ranníocaí forbartha agus costais agus táillí gaolmhara.

ACHOMHARC CHUN AN BHOIRD PLEANÁLA ("an Bord")

16: Féadfaidh achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird nuair a mheasann an t-iarratasóir ar chead pleanála faoi Alt 34 den Acht nach bhfuiltear tar éis téarmaí na Scéime a chur i bhfeidhm mar is cuí i ndáil le coinníollacha ar bith arna leagan síos ag an gComhairle.

ATHBHREITHNIÚ AR AN SCÉIM

17: Féadfaidh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim ó am go ham, ag féachaint do chúinsí na huaire. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim seo, féadfaidh Scéim nua a fhorbairt. Tá éifeacht leis an Scéim ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025, mura bhforbraítear Scéim Nua idir an dá linn. Féadfaidh go síneofar tréimhse na Scéime níos faide ar aghaidh ná 2025 má mheastar iomchuí é, faoi réir cheadú na gcomhaltaí tofa.

## RANNÍOCAÍ FORBARTHA SPEISIALTA

18: Féadfaidh ranníoc forbartha speisialta a fhorchur faoi Alt 48 den Acht i gcás go dtabhaíonn an Chomhairle costais eisceachtúla nach gcumhdaítear le Scéim Ranníocaí Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2021-2025 agus bonneagar poiblí nó saoráidí poiblí ar leith á gcur ar fáil. (Sonrófar na hoibreacha ar leith sna coinníollacha pleanála nuair a thoibhítear ranníocaí speisialta). Ní bheidh ach forbairtí a bhainfidh leas as bonneagar poiblí na saoráide i gceist faoi dhliteanas an ranníoc forbartha speisialta a íoc. Féadfaidh achomharc a dhéanamh ar an mBord Pleanála i gcoinne na coinníollacha a fhorchuireann ranníocaí speisialta.

## DÁTA ÉIFEACHTA

19: Baineann éifeacht leis an Scéim seo i gcás ceadanna a dheonaítear ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh.

## AGUISÍN 1 – TÁBLA – COSTAIS A ÁIRÍTEAR FAOIN SCÉIM

Costais is inchurtha i ré feidhme na Scéime leis na haicmí bonneagair agus saoráidí:

| | **Costais Chaipitiúla a áirítear sa Scéim €m** | **Ranníocaí Leithdháilte €m** | **% Ranníocaí Leithdháilte** |
|---|---|---|---|
| **Aicme 1: Bonneagar & Saoráidí Iompair** | €184.6m | €77.28m | 55% |
| **Aicme 2: Bonneagar & Saoráidí Screamhuisce (lena n-áirítear Faoiseamh Tuile)** | €20.55m | €7.02m | 5% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Aicme 3: Pobal & Páirceanna saoráidí & taitneamhachtaí** | €114m | €56.2m | 40% |
| Costais iomlána a áirítear sa Scéim | €319.15m | €140.5m | 100% |

TÁBLA B – FORBAIRT BHEARTAITHE

Aonaid d'fhorbairt chónaithe bheartaithe agus d'fhorbairt tionsclaioch/tráchtála bheartaithe (sna blianta 2021 - 2025)

| Forbairtí Cónaithe | Forbairtí Tionsclaíocha/Tráchtála |
|---|---|
| 10,620 aonad – 1,070,000$m^2$ | 462,000$m^2$ |

## AGUISÍN 11 – LIOSTAÍ TIONSCADAIL

Níl sa liosta seo ach liosta táscach, féadfaidh athrú teacht ar thosaíochtaí, féadfaidh go gcuirfear tionscadail eile leis an liosta lena maoiniú de réir agus a thiocfaidh siad chun cinn le linn thréimhse na Scéime.

### Iompar

1 Bóthar Mhullach Íde - Shoird, Uasghrádú agus Rotharbhealach
2 Rotharbhealach - Baile Bhlainséir go Páirc an Fhionnuisce
3 Rotharbhealach an Rois-Lusca
4 Rotharbhealach Bhaile Átha Cliath 15
5 Droichead ar Bhóthar Faoisimh Bhaile Brigín Céim 3 L1360-1 go Bóthar na Sceirí R127
6 Bóthar Faoisimh Bhaile Brigín Céim 6 Bóthar na hAille R122 – Uasghrádú Lána Bhaile an Phléimeannaigh L1135, Bóthar na hAille (Cuarbhóthar C go M1) agus Cuarbhóthar C go Lána na Gráige
7 Bóthar Faoisimh Dhomhnach Bat/Hearse Road Domhnach Bat R132
8 Athlíniú Bhóthar Mhullach Íde, Uasghrádú N32, Bóthar Dáileacháin Soir-Siar, Scéim Feabhsúcháin Chionn Sáile/Lána Bhaiscín
9 Bóthar Ceangail Ongar go Cnoc an Sciobóil
10 Uasghrádú Bhóthar Ráth Béil
11 Bóthar Dáileacháin an Iarthair, Sord
12 Bonneagar breise, ceantar Shoird
13 Uasghrádú Bhóthar Bhaile Uí Cheallaigh
14 Bealach Cósta Fhine Gall
15 Bóthar Rochtana an Aerfoirt ón Iarthar
16 Uasghrádú Thimpeallán an Aerfoirt
17 Uasghrádú Lána Bhaile Choillín R108
18 Trasrian Abhainn an Bharda
19 Bóthar na hAille R122 – M1 go Baile Stiofáin
20 Clár Infheistíochta Bóithre (R132)
21 Flít Chomhairle Contae Fhine Gall – Pointí Luchtaithe agus Bogearraí um Fheithiclí Leictreacha
22 Úsáid Phoiblí – Pointí Luchtaithe agus Bogearraí um Fheithiclí Leictreacha
23 Seomra Rialaithe Tráchta
24 Bonneagar um Chomharscéim Rothar

## Pobal & Páirceanna

1 Leabharlann Contae i gCeathrú an Chultúir, Sord
2 Méadú agus Athchóiriú Leabharlann Bhinn Éadair
3 Méadú le saoráidí leabharlainne i mBaile Átha Cliath 15
4 Na Sceirí - Athchóiriu na Leabharlainne
5 Saoráid Phobail Bhaile Maidheac
6 Saoráid Ilfheidhmeach Áineasa
7 Ionad Mhargaíochta Bhaile Dúill
8 Saoráid Phobail Ghoirt an Teampaill/Mhullach Eadrad
9 Méadú le hIonad Pobail Dhomhnach Bat/Phort Reachrann
10 Saoráid Phobail Bhinn Éadair (athchóiriú nua/láithreach)
11 Saoráid Phobail Fhearann an Chaisleáin/Bhaile Brigín
12 Páirceanna Réigiúnacha Nua a fhorbairt, lena n-áirítear (Páirc Réigiúnach Shoird, Páirc Ghleann an Bharda & an Mhóinéir Leathain/Halla an Leasáin, Sord, Páirc Bhaile Roiséir, Páirc Pháirc Dhún Sinche, Ráschúrsa Bhaile Dúill)
13 Uasghrádú Páirceanna Réigiúnacha Láithreacha, lena náirítear (Brí Mhór, Ard Giolláin, Droichead Nua, Mullach Íde, Seantrabh, Gleann na Tulchanny, Páirc San Caitríona)
14 Moil Áineasa agus Saoráidí Spóirt Nua a fhorbairt (An Ros, Lusca, Baile Dúill)
15 Moil Áineasa agus Saoráidí Spóirt Láithreacha a fhorbairt, lena n-áirítear (Páirc Réigiúnach Bhrí Móir, Páirc San Caitríona Leamhcán, Baile an Phóirtéaraigh, Baile Mastún, Mullach Íde, Gleann an Bharda)
16 Páirceanna Áitiúla/Comharsanachta Nua a fhorbairt, lena n-áirítear (Domhnach Bat, Lusca, an Rois, an Aill, Baile Brigín Thiar Thuaidh)
17 Páirceanna Áitiúla/Comharsanachta Láithreacha a uasghrádú
18 Áiseanna Súgartha Nua a fhorbairt
19 Áiseanna Súgartha Láithreacha a athfhorbairt nó a mhéadú
20 Plean Gníomhaíochta Fhine Gall a chur chun feidhme
21 Pleananna Caomhnaithe & Bainistíochta um Thírdhreacha & Gairdíní Oidhreachta a choimisiúnú agus a chur chun feidhme
22 Feabhsúcháin sa Bhonneagar Glas (Réitigh Bunaithe ar an Dúlra chun Athléimneacht agus Oiriúnú um Athrú Aeráide a fheabhsú)
23 Athchóiriú Chuan na Sceirí
24 Athchóiriú Chuan Bhaile Brigín
25 Ionad Baile Pháirc na Mílaoise
26 Páirc Ghleann an Bharda - Oibreacha Forbartha
27 Feabhsúcháin ar Pháirc Ghleann na Tulchann
28 Páirc San Caitríona, Leamhcán

29 Ardgiollán - Oibreacha Forbartha
30 Páirc Ráschúrsa, Baile Dúill (An Mhílaois)
31 Feabhsúcháin Pháirc Bhaile an Hartaigh
32 Páirc Bhaile an Tirialaigh
33 Páirc Thobar Muire/Páirc Mhichíl Breathnaigh
34 Oibreacha Forbartha ar Dhiméin Mhullach Íde
35 Gairdíní Thalbóid/Diméin Mhullach Íde
36 Siúlóidí Cois Cósta & Carrchlóis - Binn Éadair/Mullach Íde
37 Oibreacha Feabhsúcháin ar Dhiméin an Droichid Nua
38 Oibreacha Forbartha ar Dhiméin Sheantraibh
39 Páirc na Coirre Duibhe
40 Páirc Bhaile na Sceirí
41 Athchóirí ar Leithris Phoiblí
42 Oibreacha Forbartha ar Chaisleán Bhrí Mhór
43 Oibreacha Forbartha ar Chaisleán Ard Giolláin
44 Gairdíní Shackleton

### Screamhuisce (lena n-áirítear Faoiseamh Tuile)

1 Oibreacha ar Chanáil Phort Reachrann (Screamhuisce)
2 Tóchar Screamhuisce Bhinn Éadair
3 Tionscadal Cosanta Tuilte Cósta Inbhear Bhaile Roiséir
4 Athlonnú Stáisiún Caidéalaithe an Tobair Naofa
5 Tóchar Screamhuisce Bhaile an Bhéibhéaraigh
6 Deisiúcháin ar Phíobán Sceite Screamhuisce Trá an Choincéir
7 Measúnú Straitéiseach Fadtéarmach ar an Líonra Screamhuisce i bPort Reachrann/Domhnach Bat
8 Ceantar Bhaile Átha Cliath 15 – Líonra Screamhuisce
9 Líonra Screamhuisce Shoird/Halla an Leasáin Thoir
10 Líonra Screamhuisce Bhinn Éadair/Chill Fhiontain (gan Tionscadal an Tóchair Screamhuisce a áireamh)
11 Líonra Screamhuisce Mhullach Íde/Phort Mearnóg
12 Líonra Screamhuisce Bhaile Bachaille
13 Líonra Screamhuisce Bhaile Brigín/an Rois/Lusca/na Sceirí
14 Feabhsúcháin ar Líonra Screamhuisce Fhine Gall (gan na limistéir shonracha thuasluaite, lena n-áirítear Fine Gall Theas, Fine Gall Láir agus Fine Gall Thuaidh)
15 Clár Bonneagair Screamhuisce (bonneagar líonra gan phíopaí)
16 Feabhsúcháin Chaipitil ar Stáisiúin Chaidéalaithe Screamhuisce
17 Gleann an Bharda, Sord (Locháin)

18 Baile Stiofáin Baile Brigín (Athchóiriú Chonair na hAbhann)
19 Páirc Sheantraibh (feabhas a chur ar áiseanna tánúcháin)
20 Feabhsúcháin ar Chonair na hAbhann Dhroichead Nua/Thuirbhe (Truaillliú Uisce Talmhaíochta) agus Feabhsúcháin Páirceála
21 Páirc Bhaile Anraí, Sord (Píobáin Sceite Screamhuisce)
22 Páirc Chill Fhionntain (Samplaí cónaithe)
23 Baile an Hartaigh BÁC15 (Fadhb Draenála áitiúil)
24 Ráschúrsa Bhaile Dúill
25 Athchóiriú Phortach na Roinne
26 Insíolúchán Séaraigh Bréan Mhullach Íde/Phort Mearnóg (Seabury, Chalfont, Clós Kelvin, an Siúlán Fraoigh, Siúlán Chnoc na Carraige, Cnoc na Carraige agus Ardoileán)
27 Páirc Mhainistreach Bhaile Dúill
28 Scéim Tithíochta Údarás Áitiúil Phort Reachrann
29 Forbairt Cónaithe Bhaile an Bhéibhéaraigh
30 Binn Éadair - Cur chun feidhme Staidéir Hidreolaíoch chun hidreolaíocht nádúrtha a athbhunú sna córais uisceacha i mBinn Éadair
31 Sráidbhaile Lusca/Páirc Orlynn/Cuarbhóthar
32 Scagdhraenacha, locháin, coinneála, claiseanna, abhantracha coinneála. Feabhas a chur ar bhithéagsúlacht, taitneamhachtaí, tánúchán, maolú tuilte agus cáilíocht uisce snámh. (an Rois, na Sceirí/Loch Sionnaigh, Baile Bachaille, an Aill – Páirc an tSráidbhaile, Baile Gháire, Baile an Ridire, an Seanbhaile, Rivermede, Eastáit an Rois/Fearann na hAille)
33 Scagdhraenacha, locháin, poill crann, claiseanna, abhantracha coinneála. Feabhas a chur ar bhithéagsúlacht, taitneamhachtaí, tánúchán, maolú tuilte agus cáilíocht uisce snámh (Baile Bachaille; Bóthar an Chainéil, an Rois; Sean-Phort Mearnóg – Lána na tSéipéil; Eastáit Tionscail Bhaile an Dama; Eastáit Tionscail Bhaile Dúill; Eastáit Tionscail Dhraighneáin, Eastáit Tionscail Airways)